An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

# Micreamhodúl Idirbhliana

A bheith liteartha ó thaobh airgeadais de agus cinntí eolasacha airgeadais a dhéanamh

CNCM
Mheithimh 2025

# An Clár


An Idirbhliain 1

Príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí 2

Gnéithe Scoláire na hIdirbhliana 3

Réasúnaíocht 5

Aidhm 5

An t-am a thugtar 5

Torthaí Foghlama 6

Teagasc le haghaidh fhoghlaim an scoláire 8

Measúnú 10

Modhanna Measúnaithe 10

Na gnéithe cáilíochta 11

Tuairisciú 12

Meastóireacht 13

Acmhainní 13

# An Idirbhliain


Is clár roghnach bliana í an Idirbhliain (IB) atá ar fáil do gach iar-bhunscoil agus a bhíonn ar tairiscint mar chuid d'eispéireas na sraithe sinsearaí. Le linn na sraithe sinsearaí, forbraíonn na scoláirí braistint níos láidre ar a bhféiniúlacht agus iad ag foghlaim in éineacht lena gcomhscoláirí, le múinteoirí agus le daoine fásta eile, agus ag foghlaim uathu. Le linn na sraithe sinsearaí, cuirtear oideachas ar an duine iomlán. Ba cheart eispéiris na scoláirí le linn na sraithe sinsearaí cur lena bhforbairt intleachtach, shóisialta agus phearsanta mar aon lena bhfolláine ar an iomlán. Le linn na hIdirbhliana, seans go bhforbródh na scoláirí caidrimh níos aibí le múinteoirí agus le daoine fásta eile agus iad ag éirí níos gníomhaí i dtaca lena n-eispéiris oideachais féin a cheapadh, agus i dtaca le cur leis an tsochaí iad féin.

Cuireann cláir Idirbhliana deis ar leith ar fáil sa tsraith shinsearach inar féidir le scoileanna agus pobail a bheith ag obair i gcomhpháirt chun daoine óga a spreagadh le rathúlacht a bhaint amach anois agus amach anseo. Soláthraíonn an Idirbhliain am, spás agus neamhspleáchas chun eispéiris foghlama thaitneamhacha bhríocha a chruthú lena dtacaítear leis na scoláirí sa tsraith shinsearach agus, san am céanna, lena n-éascaítear a rannpháirteachas le réimse níos leithne de chonairí agus d'fhéidearthachtaí. Réitíonn sí daoine óga le tacaíochtaí agus le heispéiris d'fhonn acmhainneacht bhreisithe a fhorbairt chun freagairt don éiginnteacht, chun an chastacht a láimhseáil agus chun athrú dearfach eiticiúil a spreagadh sa tsochaí.

# Príomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí

Is scáth-théarma é Príomhinniúlachtaí lena dtagraítear don eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta a fhorbraíonn an scoláire le linn na sraithe sinsearaí. Cabhraíonn an tsraith shinsearach leis an scoláire a bheith níos rannpháirtí, níos saibhrithe agus níos inniúla, agus é ag déanamh tuilleadh forbartha ar a chuid eolais.

Tá tuilleadh faisnéise faoi phríomhinniúlachtaí na sraithe sinsearaí ar fáil ar **www.ncca.ie**.





**Fíor 1:** Príomhinniúlachtaí sa tSraith Shinsearach a dtacaíonn litearthachtaí agus uimhearthacht

# Gnéithe Scoláire na hIdirbhliana

Déantar cur síos leis na Gnéithe Scoláire ar na bealaí inar féidir leis na scoláirí forbairt a dhéanamh san Idirbhliain agus ar na heispéiris a d'fhéadfadh tacú leis an bhforbairt sin. Is iad seo a leanas na ceithre Ghné Scoláire:

- Fás Pearsanta
- A bheith i d'Fhoghlaimeoir
- Rannpháirtíocht Shibhialta agus Phobail
- Taighde Gairme.

Cuimsíonn gach ceann de na Gnéithe Scoláire tacar táscairí forbartha agus eispéireas scoláire bainteach. Tá na ceithre Ghné Scoláire ceaptha le bheith cónasctha sa dóigh gurb amhlaidh, le chéile, go mbíonn trasnú ann idir iad agus gach ceann de na seacht bpríomhinniúlacht atá sa tsraith shinsearach.




**Fíor 2:** Achoimre ar Ráiteas Chlár na hIdirbhliana.

Is féidir tuilleadh sonraí a fháil i **Ráiteas Chlár na hIdirbhlian**

Is iad na ceithre Ghné Scoláire na bunchlocha ar a ndéantar cláir Idirbhliana a cheapadh. Déanann siad cur síos ar an gcaoi ar féidir leis na scoláirí forbairt le linn na hIdirbhliana. Liostaítear i dTábla 1 na táscairí forbartha is dóchúla a dtacófar leo trí rannpháirtíocht agus rannpháirteachas na scoláirí sa mhicreamhodúl seo.

**Tábla 1.** Gnéithe Scoláire lena dtacaíonn an micreamhodúl seo.

| Gné Scoláire | Táscairí Forbartha is ábhartha don mhicreamhodúl |
|---|---|
| **Fás Pearsanta** | • Éirí níos cinnte agus níos muiníní ina dtaobh féin mar dhuine.<br>• Cúram níos fearr a dhéanamh dá sláinte agus folláine féin agus de shláinte agus folláine daoine eile (le béim ar fholláine airgeadais)<br>• Spriocanna a shocrú don fhorbairt agus don ghnóthachtáil phearsanta agus athbhreithniú a dhéanamh orthu.<br>• Tuiscint ar an gcaoi le cinntí níos eolasaí a dhéanamh.<br>• A bheith ag glacadh úinéireachta níos minice ar a gcuid iompraíochtaí agus cinntí féin. |
| **A bheith i d'Fhoghlaimeoir** | • Spriocanna foghlama a shocrú agus athbhreithniú rialta a dhéanamh orthu.<br>• A bheith ag éirí níos inniúla le teicneolaíochtaí digiteacha, mar úsáideoir agus mar chruthaitheoir.<br>• Eolas agus scileanna atá ábhartha don tsraith shinsearach a shealbhú.<br>• Cur lena n-acmhainneacht i dtaca le foghlaim neamhspleách fhéinrialaithe.<br>• A scileanna cumarsáide agus láithreoireachta a leathnú.<br>• A gcuid smaointe féin a chur in iúl níos soiléire agus iad ag plé le smaointe daoine eile. |

# Réasúnaíocht

Is gné lárnach í an litearthacht airgeadais1 d'fhorbairt phearsanta agus tá béim inti ar eolas, scileanna, luachanna agus meonta a fhorbairt maidir le hairgead agus le bainistiú airgid. De réir mar a théann na scoláirí in aibíocht, tá gá níos mó le tuiscint a bheith acu ar conas a gcuid airgid a bhainistiú. Tá sé tábhachtach nósanna maithe airgeadais a fhorbairt dá gcéim reatha saoil ach tá sé tábhachtach freisin dá bhfolláine amach anseo. Nuair a fhorbraítear cleachtais mhaithe airgeadais chomh luath agus is féidir, cinntítear leis sin go ndéanfaidh na scoláirí roghanna eolasacha caiteachais agus go mbeidh siad in ann a gcuid airgeadais a thuiscint agus a bhainistiú. D'éirigh an tírdhreach airgeadais níos éagsúla le teacht chun cinn na dteicneolaíochtaí nua agus éiritheacha lena dtugtar rochtain ar réimse faisnéise agus seirbhísí trína gcaithfidh na scoláirí a mbealach a dhéanamh. Nuair a chuirtear an bhéim ar litearthacht airgeadais, cabhraítear leis na scoláirí chun freagracht phearsanta a ghlacadh agus meas á dhéanamh acu ar an réimse táirgí agus seirbhísí atá ar fáil.

[1] Is éard atá i gceist leis an litearthacht airgeadais ná feasacht, eolas, scileanna, dearcadh agus iompraíochtaí airgeadais atá riachtanach chun cinntí stuama airgeadais a dhéanamh chun go mbainfear folláine airgeadais aonair amach sa deireadh agus áirítear leis sin an litearthacht dhigiteach airgeadais ina bhfuil úsáideoirí ar an eolas faoi sheirbhísí digiteacha airgeadais agus teicneolaíochtaí digiteacha agus inar féidir leo na seirbhísí agus teicneolaíochtaí sin a úsáid go sábháilte, d'fhonn cur lena bhfolláine airgeadais aonair (Arna chur in oiriúint ó https://www.gov.ie/en/department-of-finance/publications/national-financial-literacy-strategy/)

# Aidhm

Déanfaidh an micreamhodúl seo an méid seo a leanas:

- cabhrú leis na scoláirí chun a litearthacht airgeadais phearsanta a fhiosrú agus an tábhacht a bhaineann le bheith liteartha ar airgeadas a thuiscint
- na scoláirí a chumasú chun cinntí eolasacha airgeadais a dhéanamh
- muinín na scoláirí a chothú agus iad ag plé le soláthróirí seirbhísí airgeadais faoi láthair agus amach anseo

# An t-am a thugtar

Ceapadh an micreamhodúl seo le haghaidh 10 n-uair an chloig ar a laghad d'am teagmhála ranga.

# Torthaí Foghlama

Ceapadh na torthaí foghlama thíos chun teagasc agus foghlaim a chur chun cinn a fhorbraíonn eolas, scileanna, luachanna agus meonta na scoláirí de réir a chéile, rud a chuireann ar a gcumas a bpríomhinniúlachtaí a chur i bhfeidhm ar chásanna difriúla de réir mar a théann siad chun cinn. Sa cholún ar dheis, tá torthaí foghlama a dhéanann cur síos ar an eolas, na scileanna, na luachanna agus na meonta ba cheart a bheith ar chumas na scoláirí i ndiaidh tréimhse foghlama. Sa cholún ar chlé, déantar cur síos ar réimsí ar leith faoina bhfoghlaimíonn na scoláirí. I dteannta a chéile, cuirfidh siad seo soiléireacht agus comhleanúnachas leis na codanna eile den tsonraíocht ar fáil.

Tá uimhir le gach toradh foghlama chun tacú le pleanáil an mhúinteora. Ní sheasann sé d'ordlathas tábhachta ar bith sna torthaí iad féin.

**Tábla 2.** Torthaí Foghlama.

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
|---|---|
| **A gcuid airgid a bhainistiú**<br>• an gá atá le hairgead a bhainistiú trí úsáid a bhaint as buiséad, réamhaisnéis sreabhaidh airgid agus trí spriocanna a leagan amach (is féidir a mbuiséad féin nó buiséad cásbhunaithe a úsáid).<br>• na céimeanna a bhaineann le cuntas a oscailt le hinstitiúid nó soláthróir airgeadais lena n-áirítear an phríomhthéarmaíocht ghaolmhar a shainaithint (m.sh. Cód Sórtála, IBAN agus BIC) | **1.1** a gcuid ioncaim agus caiteachais mhíosúil a shainaithint agus scarbhileog a úsáid chun buiséad míosúil a ullmhú agus athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid ioncaim agus caiteachais mhíosúil iarbhír<br>**1.2** léirthuiscint a bheith ar thábhacht na spriocanna airgeadais agus an tábhacht a bhaineann le buiséadú a dhéanamh maidir leis na spriocanna sin<br>**1.3** na céimeanna a aithint maidir le cuntas a oscailt le hinstitiúid nó soláthróir airgeadais (lena n-áirítear soláthróirí ar líne) |
| **Saolré an airgeadais**<br>• conas a d'fhéadfadh tionchar a bheith ar chinntí airgeadais ag cúinsí pearsanta agus ag a n-aois agus céim saoil lena n-áirítear oideachas dara leibhéal, breisoideachas agus ardoideachais, ag dul isteach i saol na hoibre, ar fad a ngairme, clann a thógáil, pleanáil le dul ar scor, scor<br>• árachas i gcaitheamh na saolré airgeadais lena n-áirítear an fáth a bhfuil tábhacht le hárachas, na tosca atá le meas agus árachas á fháil agus na tosca a bhfuil tionchar acu ar phréimheanna árachais | **2.1** breac-chuntas a thabhairt ar chéimeanna difriúla a saolré airgeadais agus na mianta agus riachtanais a d'fhéadfadh a bheith i gceist ag gach céim dá saolré airgeadais a shainaithint<br>**2.2** na céimeanna a bhaineann le fostaíocht nua a chlárú le Cabhair mo Chúrsaí (myAccount) agus na creidmheasanna cánach atá ar fáil a shainaithint, cé acu dá bhfuil siad incháilithe agus conas a athraíonn na creidmheasanna sin i gcaitheamh a saolré airgeadais<br>**2.3** iniúchadh a dhéanamh ar chineálacha difriúla árachais a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil i gcaitheamh a saolré airgeadais agus na tosca a mbeidh tionchar acu ar an rogha táirge agus ar an bpréimh a íocfar |

| Foghlaimíonn na scoláirí faoin méid seo a leanas | Ba cheart go mbeadh sé ar chumas na scoláirí |
|---|---|
| **Coigilt, Infheistiú, agus Iasacht a fháil**<br>• réimse táirgí airgeadais le haghaidh coigilte, infheistithe agus iasacht a fháil agus an tábhacht a bhaineann le fáltas comhláin agus glanfháltas ar infheistíocht, impleachtaí cánach a thagann chun cinn, rátaí úis, téarmaí airgeadais, agus an leibhéal riosca lena mbaineann á mheas (lena n-áirítear táirgí 'ceannaigh anois, íoc níos déanaí') agus conas a rialaítear táirgí airgeadais. | **3.1** sainaithint a dhéanamh ar réimse táirgí airgeadais a d'fhéadfadh a bheith oiriúnach le haghaidh iasacht a fháil, coigilte agus infheistithe ag céimeanna difriúla den tsaolré airgeadais<br>**3.2** anailísiú a dhéanamh ar roinnt táirgí airgeadais a sainaithníodh agus iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a rialaítear na táirgí sin<br>**3.3** plé a dhéanamh ar conas a shocraítear rátáil chreidmheasa agus breac-chuntas a thabhairt ar an tábhacht atá le rátáil mhaith chreidmheasa a bheith agat agus conas rátáil mhaith chreidmheasa a fhorbairt |
| **Cinntí eolasacha airgeadais a dhéanamh**<br>• an tábhacht a bhaineann le taighde a dhéanamh, roghanna a chur i gcomparáid agus iontaofacht na faisnéise a mheas agus cinntí airgeadais á ndéanamh lena n-áirítear na contúirtí a d'fhéadfadh a bheith i gceist le páirt a ghlacadh in airgead a fuarthas go mídhleathach a aistriú<br>• an chaoi a dtugtar idir dheiseanna agus dúshláin leis an teicneolaíocht maidir lenár gcuid airgid agus ár gcuid airgid a bhainistiú.<br>• an tábhacht atá lena gcuid foghlama a chur i bhfeidhm ina saol amach anseo. | **4.1** breac-chuntas a thabhairt ar conas foinsí iontaofa faisnéise airgeadais a shainaithint<br>**4.2** réimse gníomhaíochtaí calaoise airgeadais a iniúchadh agus breac-chuntas a thabhairt ar conas is féidir leo iad féin a chosaint in aghaidh calaois airgeadais agus rannpháirtíocht in idirbhearta airgeadais<br>**4.3** deiseanna agus dúshláin na teicneolaíochta a iniúchadh agus iad ag bainistiú a chuid airgid agus an tábhacht a bhaineann le litearthacht dhigiteach airgeadais<br>**4.4** léiriú a thabhairt ar a bhfuil foghlamtha acu faoi bhainistiú a gcuid airgid, an feabhas atá tagtha ar a gcuid litearthachta airgeadais, agus conas a úsáidfidh siad an fhoghlaim seo sa todhchaí. |

# Teagasc le haghaidh fhoghlaim an scoláire

Bíonn cur chuige dinimiciúil ag teastáil i dteagasc le haghaidh fhoghlaim na scoláirí ina dtugtar tús áite do rannpháirtíocht, taiscéalaíocht, agus forbairt na scoláirí. Sainaithnítear sa Ghné Churaclaim le haghaidh Teagaisc agus Measúnú cleachtas gairmiúil coiteann agus cleachtas an tseomra ranga atá in ann tacú le foghlaim agus forbairt na scoláirí. Ba cheart do chuir chuige i leith an teagaisc san Idirbhliain an scoláire a fhorbairt mar fhoghlaimeoir agus é a spreagadh chun freagracht a ghlacadh as a fhoghlaim féin. Beidh tionchar mór ag aidhmeanna agus ag torthaí foghlama an mhicreamhodúil ar rogha na n-oideolaíochtaí teagaisc.

Tugtar gníomhaíochtaí i dTábla 3 a d'fhéadfaí a úsáid chun tacú leis na scoláirí chun na torthaí foghlama a bhaint amach. Is féidir na gníomhaíochtaí a chur in oiriúint agus níl siad saintreorach ná uileghabhálach.

**Tábla 3.** An chaoi a dtacaíonn an micreamhodúl leis na torthaí foghlama.

| Torthaí Foghlama | Gníomhaíochtaí molta |
|---|---|
| **A gcuid airgid a bhainistiú** | • Léiriú a dhéanamh ar a gcuid iompraíochta airgeadais agus a gcuid ioncaim agus caiteachais a shainaithint.<br>• Iniúchadh a dhéanamh ar chuntas bainc a oscailt le hinstitiúid airgeadais.<br>• Spriocanna airgeadais phearsanta a leagan amach agus a chosaint agus monatóireacht a dhéanamh ar na spriocanna sin i gcaitheamh tréimhse ama.<br>• Buiséad a ullmhú trí úsáid a bhaint as feidhm scarbhileoige agus iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a n-imrítear tionchar air nuair a bhíonn athruithe ar ioncam agus caiteachas. |
| **Saolré an airgeadais** | • Saolré airgeadais a fhorbairt go neamhspleách nó go comhoibríoch ina léirítear príomhchéimeanna na saolré agus ina sainaithnítear riachtanais agus mianta, agus míniú a thabhairt ar an gcaoi agus an fáth a n-athraíonn siad le himeachta ama agus plé a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh baint a bheith acu le spriocanna airgeadais a leagan amach.<br>• Ábhair thacaíochta ROS a úsáid agus clárú do chuntas ar líne leis na Coimisinéirí Ioncaim.<br>• Táirgí árachais gluaisteáin a iniúchadh maidir lena rogha feithicle. |
| **Coigilt, infheistiú, agus iasacht a fháil** | • Iniúchadh níos mionsonraithe a dhéanamh ar tháirgí airgeadais ar leith i gcaitheamh a saolré airgeadais maidir le coigilt, infheistiú, iasacht a fháil agus árachas. Torthaí na n-iniúchtaí sin a chur i láthair don rang agus béim a chur ar ghnéithe amhail costais, cánacha agus rioscaí.<br>• Plé a dhéanamh mar ghrúpa ar an gcaoi a mbeadh baint ag na táirgí sin le spriocanna airgeadais phearsanta i gcaitheamh na saolré airgeadais.<br>• Iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a rialaítear na táirgí sin agus an tábhacht atá le rialúchán ar fud earnáil na seirbhísí airgeadais.<br>• Cur i láthair gairid a ullmhú maidir le do rátáil chreidmheasa a choinneáil |

| Torthaí Foghlama | Gníomhaíochtaí molta |
|---|---|
| **Cinntí eolasacha airgeadais a dhéanamh** | • Díriú ar ghné amháin a bhaineann le cinntí eolasacha airgeadais a dhéanamh, taighde a dhéanamh ar an ngné sin agus píosa faisnéise a ullmhú (píosa ó bhéal/píosa fuaime/píosa físiúil/píosa scríofa) ar bhonn aonair nó i gcomhar le daoine eile agus an píosa sin a chur i láthair don rang.<br>• Taighde agus ullmhúchán a dhéanamh le haghaidh díospóireachta nó plé ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le fás na teicneolaíochta i seirbhísí airgeadais.<br>• Machnamh a dhéanamh ar bhonn aonair ar a bhfuil foghlamtha acu faoina gcuid airgid a bhainistiú agus conas a chuirfidh siad an fhoghlaim sin in úsáid amach anseo. |

# Measúnú

Baineann measúnú sa tsraith shinsearach le faisnéis faoi phróisis agus faoi thorthaí foghlama a bhailiú, a léirmhíniú, a úsáid agus a thuairisciú. Tá foirmeacha éagsúla measúnaithe ann agus úsáidtear é ar chúiseanna difriúla. Is tacaíocht don fhoghlaim é an measúnú agus cuireann sé chun feabhais í trí chabhrú le scoláirí agus le múinteoirí na chéad chéimeanna eile sa phróiseas teagaisc agus foghlama a shainaithint.

Chomh maith le straitéisí éagsúla teagaisc, tacóidh straitéisí éagsúla measúnaithe le foghlaim na scoláirí agus soláthróidh siad faisnéis do mhúinteoirí agus do scoláirí atá inúsáidte mar aiseolas, sa chaoi is gur féidir gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama a chur in oiriúint do riachtanais foghlaimeoirí aonair. De thoradh tascanna atá oiriúnach agus tarraingteach a leagan síos, ceisteanna a chur agus aiseolas a thabhairt ina gcuirtear neamhspleáchas an fhoghlaimeora chun cinn, tacóidh an measúnú leis an bhfoghlaim agus leis an dul chun cinn, mar aon le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt phríomhinniúlachtaí an scoláire agus coimriú a thabhairt ar an ngnóthachtáil.

## Modhanna Measúnaithe

Is iad na modhanna measúnaithe atá liostaithe thíos is gaire a ailíníonn le haidhmeanna, le réasúnaíocht agus le torthaí foghlama an mhicreamhodúil agus leis an gcuid Teagasc agus Measúnú de Ráiteas an Chláir Idirbhliana.

- Taighde agus iniúchadh nó cur i láthair ar bhonn aonair nó le grúpa de réir sraith critéar chomhaontaithe nó chomhroinnte
- Cruthú déantúsáin foghlama – mar shampla póstaer, físeán, podchraoladh nó ábhar faisnéise a d'fhéadfaí a fhí isteach ina bpunann Idirbhliana ar bhealach éigin
- Ráiteas machnaimh a fhitear isteach ina bpunann Idirbhliana
- Díospóireacht ranga nó plé ar ábhar a comhaontaíodh

## Na gnéithe cáilíochta

Is ráitis iad gnéithe cáilíochta a thacaíonn le múinteoirí agus/nó scoláirí breithiúnas a dhéanamh faoi cháilíocht shaothar an scoláire, chun gnóthachtáil a bhronnadh. Is iad na gnéithe cáilíochta thíos na critéir a úsáidfear le measúnú a dhéanamh ar fhoghlaim agus ar ghnóthachtáil an scoláire ag ceann de na trí leibhéal i rith an mhicreamhodúil. Is iad seo a leanas na trí leibhéal sin: Gradam, Tuillteanas, Gnóthaithe.

**Tábla 4.** Na Gnéithe cáilíochta


| Réimse foghlama | Gradam | Tuillteanas | Gnóthaithe |
|---|---|---|---|
| **A gcuid airgid a bhainistiú** | Is féidir leis an scoláire tuiscint iontach a léiriú ar an tábhacht atá le hairgead a bhainistiú, spriocanna a leagan amach agus buiséadú | Is féidir leis an scoláire tuiscint mhaith a léiriú ar an tábhacht atá le hairgead a bhainistiú, spriocanna a leagan amach agus buiséadú | Is féidir leis an scoláire tuiscint réasúnta a léiriú ar an tábhacht atá le hairgead a bhainistiú, spriocanna a leagan amach agus buiséadú |
| **Saolré an airgeadais** | Is féidir leis an scoláire tuiscint iontach a léiriú ar chéimeanna difriúla na saolré airgeadais agus na táirgí airgeadais atá oiriúnach ag gach céim a chosaint go soiléir | Is féidir leis an scoláire tuiscint mhaith a léiriú ar chéimeanna difriúla na saolré airgeadais agus na táirgí airgeadais atá oiriúnach ag gach céim a chosaint | Is féidir leis an scoláire tuiscint réasúnta a léiriú ar chéimeanna difriúla na saolré airgeadais agus ar na táirgí airgeadais atá oiriúnach ag gach céim |
| **Coigilt, infheistiú, agus iasacht a fháil** | Is féidir leis an scoláire tuiscint iontach a léiriú ar réimse leathan táirgí airgeadais agus plé a dhéanamh ar na tosca atá le meas agus táirge nó seirbhís á roghnú lena léirítear tuiscint shoiléir ar bhuntáistí agus míbhuntáistí na dtáirgí difriúla | Is féidir leis an scoláire tuiscint mhaith a léiriú ar réimse leathan táirgí airgeadais agus plé a dhéanamh ar na tosca atá le meas agus táirge nó seirbhís á roghnú lena léirítear tuiscint ar bhuntáistí agus míbhuntáistí na dtáirgí difriúla | Is féidir leis an scoláire tuiscint réasúnta a léiriú ar réimse táirgí airgeadais agus plé a dhéanamh ar na tosca atá le meas agus táirge nó seirbhís á roghnú lena léirítear tuiscint réasúnta ar bhuntáistí agus míbhuntáistí na dtáirgí difriúla |
| **Cinntí eolasacha airgeadais a dhéanamh** | Cuireann an scoláire a gcuid tuisceana in iúl go soiléir agus go cuimsitheach ar an tábhacht atá le cinntí eolasacha airgeadais a dhéanamh | Cuireann an scoláire a gcuid tuisceana in iúl go soiléir ar an tábhacht atá le cinntí eolasacha airgeadais a dhéanamh | Cuireann an scoláire a gcuid tuisceana in iúl ar an tábhacht atá le cinntí eolasacha airgeadais a dhéanamh |

# Tuairisciú

**Tabhair faoi deara: Maidir leis an tuairisciú scoile, is faoin scoil rogha a dhéanamh faoin modh a úsáidfear chun micreamhodúil a thuairisciú, bíodh sé bunaithe ar chóras creidiúintí le haghaidh comhpháirteanna nó bíodh sé ina chur chuige tuairisceora cáilíochta de shaghas éigin. Mar shampla, is féidir na gnéithe cáilíochta thuasluaite a chur in oiriúint do líon leibhéil tuairisceora na scoile nó is féidir iad a aistriú go creidiúintí is mó a léiríonn gnóthachtáil an scoláire.**

Déantar cur síos i Ráiteas an Chláir hIdirbhliana ar thrí ghné an tuairiscithe i gcláir Idirbhliana:

- An phunann Idirbhliana
- Machnamh an scoláire
- Tuairisciú scoile.




**Fíor 3:** Trí ghné tuairiscithe san Idirbhliain.

Is féidir an phunann Idirbhliana a úsáid mar phunann don mhicreamhodúl seo, nó is féidir úsáid a bhaint as punann ar leith don mhodúl seo chun iontráil a chruthú ina bpunann Idirbhliana, mar a leagadh amach sna codanna roimhe seo. Is féidir leis na scoláirí a bpointí machnaimh a úsáid chun achoimre a dhéanamh ar thionchar an mhicreamhodúil seo ar a bhfoghlaim agus ar a bhforbairt féin.

D'fhéadfaí measúnú a dhéanamh ar bheart an scoláire agus ar an déantúsán foghlama deiridh ach úsáid a bhaint as an gcóras tuairiscithe a úsáidtear don tuarascáil scoile. Mar shampla, d'fhéadfaí na gnéithe cáilíochta a chur in oiriúint ionas go mbeidís ailínithe leis an gcóras tuairiscithe atá roghnaithe ag an scoil. D'fhéadfadh measúnú ar láithreoireachtaí agus ar phunanna a bheith ina chabhair freisin chun achoimre a thabhairt ar fhorbairt an scoláire ar fud na nGnéithe Scoláire a bhaineann leis an micreamhodúl seo.

# Meastóireacht

Is Gné Churaclaim é Machnamh agus Athnuachan ina bpléitear leis an tábhacht a bhaineann le meastóireacht leanúnach ar chlár na hIdirbhliana agus ar chomhpháirteanna an chláir. Is é cuspóir na meastóireachta ar an micreamhodúl a fháil amach, ó dhearcadh na scoláirí agus na múinteoirí, ar éirigh go maith leis an modúl agus cén chaoi ar féidir feabhas a chur air amach anseo.

D'fhéadfaí an mheastóireacht ar an micreamhodúl seo a dhéanamh trí mheascán d'aiseolas ó bhéal, meastóireacht ar líne, meastóireacht bunaithe ar aiseolas an mhúinteora mar chuid den mheastóireacht ar chlár na hIdirbhliana, nó trí úsáid a bhaint as modhanna eile a d'fhéadfadh a bheith feiliúnach don scoil.

# Acmhainní

Is tacaíochtaí molta don mhicreamhodúl seo iad na hacmhainní seo agus ní liosta uileghabhálach é. D'fhorbair roinnt soláthróirí cláir Idirbhliana ina gcuirtear béim ar réimse gnéithe den litearthacht airgeadais a fhorbairt. Féadfaidh múinteoirí meas a dhéanamh ar roinnt de na cláir sin a úsáid chun tacú leis na gnéithe scoláire i Ráiteas an Chláir Idirbhliana.

**Naisc agus acmhainní samplacha**

- Creat na hEorpa maidir leis an Litearthacht Airgeadais do Dhaoine Óga: **https://ec.europa.eu/commission/presscorner/detail/en/ip_23_4647**
- Suíomh gréasáin an Rialtóra Airgeadais: **https://www.centralbank.ie/regulation**
- Faisnéis ó CCPC ar chalaois: **https://www.ccpc.ie/consumers/money/scams/**
- Uirlisí Airgid CCPC: **https://www.ccpc.ie/consumers/money-tools/**
- Insurance Ireland **https://insuranceireland.eu/consumer-information/**
- Seirbhís Buiséadaithe agus Comhairle Airgid (SBCA) **https://www.mabs.ie/en/managing-money/**
- Cláraigh do MoChúrsaí leis na Coimisinéirí Ioncaim - **moChúrsaí (ros.ie)**
- Modúl Idirbhliana Bunchúrsa Cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim **https://www.revenue.ie/ga/tax-education/ty-module/index.aspx**
- Acmhainní litearthachta airgeadais Scoilnet: **www.scoilnet.ie**

**Acmhainní ginearálta breise chun tacú le teagasc agus foghlaim**

- Tacaíochtaí Webwise maidir le sábháilteacht ar líne **www.webwise.ie**
- Acmhainn scoláire-threoraithe maidir le podchraoladh a chruthú **https://www.youtube.com/watch?v=gqBnKXQGZwQ**
- Acmhainn Oide le haghaidh punanna digiteacha **https://www.oidetechnologyineducation.ie/tionscadail-agus-tionscnaimh/punanna-digiteacha/?lang=ga**
- Tairseach scileanna digiteacha Oide **https://www.oidetechnologyineducation.ie/tutorial-videos/?lang=ga**

NCCA

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment